

# An Clár LIFE in Éirinn



## Fíricí agus figiúirí


Tá maoiniú déanta ag Clár LIFE ar 79 tionscadal in Éirinn do níos mó ná 54 tairbhí comhordaithe. €243m is ea costas iomlán na dtionscadal ar chuir an AE €117m ina leith.

Is é an Clár LIFE ionstraim maoinithe an AE do ghníomhaíocht comhshaoil agus aeráide. Tá sé á reáchtáil ó 1992 agus tá breis agus 5500 tionscadal á gcómhaoiniú aige ar fud an AE agus i dtríú tíortha, ag baint úsáide as breis is €12 billiún agus ag cur le níos mó ná €5 billiún le caomhnú an chomhshaoil agus na haeráide. Rannchuidíonn an clár LIFE go hiomlán le cuspóirí agus spriocanna an Mhargaidh Ghlais Eorpaigh.

Tá an buiséad don tréimhse 2021–2027 socraithe ag €5.4 billiún.

Clúdaítear na fochláir seo a leanas (\*):

- **Nádúr agus Bithéagsúlacht**
- **Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Beatha**
- **Maolú agus Oiriúnú don Athrú Aeráide**
- **Aistriú Fuinnimh Ghlain** (an chéad ghlaio ar thionscadail in 2021) (\*\*)



INVESTMENT IN LIFE PROJECTS IN IRELAND (€ million)

	TOTAL INVESTMENT	EU CONTRIBUTION
<b>ALL LIFE projects</b>	<b>243</b>	<b>117</b>
Nature & Biodiversity	95	58
Circular Economy & Quality of Life	109	41
Climate Change Mitigation & Adaptation	33	13
Others - NGOs, Preparatory, Technical Assistance	2	0.9
Clean Energy Transition	4	4

(\*) Ainmnítear tionscadail atá thart agus tionscadail atá dúnta sa doiciméad seo le hainmníocht nua an chláir LIFE 2021-2027

(\*\*)Cuimsíonn an fochlár nua tionscadail iltíre den chuid is mó agus tá gach rannpháirtí san áireamh sna figiúirí



## Maolú agus Oiriúnú don Athrú Aeráide LIFE

Tacóidh snáithe LIFE um maolú agus oiriúnú don athrú aeráide le gníomhaíochtaí a chuideoidh le creat beartais fuinnimh agus aeráide 2030 a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonfaidh gealltanais an Aontais Eorpaigh faoi Chomhaontú Pháras ar an Athrú Aeráide. Cuirfidh tionscadail faoin snáithe seo le geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus atá athléimneach.

Cuirfidh Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha (SIP) straitéisí nó pleananna gníomhaíochta comhshaoil nó aeráide i bhfeidhm ar scála réigiúnach, il-réigiúnach, náisiúnta nó trasnáisiúnta, a forbraíodh ag údaráis na mBallstát agus a éilítear ag sainbheartas nó sainreachtáíocht comhshaoil, aeráide nó ag beartas fuinnimh ábhartha an Aontais. Áiríteoidh na tionscadail sin freisin go mbeidh baint ag geallsealbhóirí leis agus go gcuirfidh siad chun cinn an comhordú le foinse eile chistiúcháin náisiúnta, phríobháideach nó de chuid an Aontais ar a laghad chun leas a bhaint aisti.

Go dtí seo, tá tionscadal amháin in Éirinn maoinithe ag an tsraith um Maolú an Athrú Aeráide. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal LIFE Farm4More tionchair a mhaolaíonn an t-athrú aeráide a sheachadadh don fheirmeoireacht beostoic trí bheatha ainmhithe orgánach atá inmharthana ó thaobh eacnamaíochta de agus straitéis chun bithghualach a tháirgeadh a chur i bhfeidhm.

Cómhaoiníodh Tionscadal Comhtháite Straitéiseach amháin in Éirinn. Tá cur síos thíos ar chuspóirí an tionscadail LIFE IP Peatlands and People.

Is é an infheistíocht iomlán don tionscadal seo ná €33.5 milliún, agus tá an AE ag cur leis €13 milliún den mhéid seo.



### Áilleacht tailte móna na hÉireann a thabhairt ar ais (LIFE IP Peatlands and People) LIFE19 IPC/IE/000007

Is ionann tailte móna agus 20% de thalamh na hÉireann. Tá go leor buntáistí acu mar charbón a ghlasáil agus é a choinneáil amach as an atmaisféar. San am atá thart, baineadh tailte móna na hÉireann le haghaidh breosla den chuid is mó de: cailleadh beagnach leath den limistéar bunaidh dá thoradh. Díobh siúd atá fágtha, rinneadh damáiste do thart ar 80%. Is é an sprioc atá ag Éire ná glan-astaíochtaí gás ceaptha teasa nialais a bhaint amach faoi 2050 trína Plean Gníomhaíochta Aeráide 2019. Cabróidh an fiontar faoi úinéireacht an stáit *Bord na Móna* chun an bplean a thabhairt chun críche. Déanfaidh sé beagnach 10 000 heicteár de thailte móna a athchóiriú – limistéar timpeall ocht n-uaire chomh mór le hAerfort Heathrow Londain. Forbróidh *Bord na Móna* múnla freisin chun fás eacnamaíoch a spreagadh i Lár Tíre na hÉireann trí oiliúint, cruthú post agus slabhraí luacha nua. Ina theannta sin, bunófar ionad fionnachtana chun cabhrú le dearcadh daoine ar mhóin a athrú, ó fhoinsé breosla go sócmhainn nádúrtha thábhachtach.

[Achoimre ar an tionscadal](#)



## Aistriú Fuinnimh Ghlain LIFE

Ag cur leis na cláir um Fhuinneamh Chliste na hEorpa (2003-2013) agus Fís 2020 um Éifeachtúlacht Fuinnimh (2014-2020), leanann an fo-chlár LIFE Clean Energy Transition de bheith ag tacú le seachadadh bheartais an AE i réimse an fhuinnimh inbhuanaithe. Go háirithe, tá sé mar aidhm aige an t-aistriú i dtreo geilleagair atá tíosach ar fhuinneamh, atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, atá neodrach ó thaobh aeráide de agus athléimneach ó thaobh aeráide de a éascú ar fud na hEorpa.

Tacaíonn an fo-chlár Aistriú Fuinnimh Ghlain LIFE le tionscadail sna cúig réimse idirghabhála seo a leanas:

- 1) Creat beartais náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a thógáil chun tacú leis an aistriú fuinnimh ghlain;
- 2) Cur i bhfeidhm céimneach na teicneolaíochta, digitíú, seirbhísí nua agus samhlaigh gnó a luathú agus na scileanna gairmiúla gaolmhara ar an margadh a fheabhsú;
- 3) Airgeadas príobháideach a mhealladh le haghaidh fuinnimh inbhuanaithe;
- 4) Tacú le forbairt tionscadal infheistíochta áitiúil agus réigiúnach;
- 5) Saoránaigh a bheith rannpháirteach san aistriú fuinnimh ghlain agus iad a chumasú.

Go dtí seo, comhordaíonn Éire dhá thionscadal faoin bhfochlár seo. Is ionann buiséad iomlán na dtionscadal seo agus €2.3 milliún, agus cuireann an tAontas €2 mhilliún de sin leis.

Cruthóidh an tionscadal LEAP trí Ghníomhaireacht Fuinnimh Áitiúla in Éirinn chun tacú le seirbhísí athchóirithe baile comhtháite i réigiúin fhorimeallacha. Tabharfaidh siad seo aghaidh ar dhúshláin, amhail tithíocht scaipthe agus níos sine agus ar spleáchas ar ola agus breoslaí soladacha, chun cabhrú le sprioc na hÉireann 500 000 teach a iarfheistiú faoi 2030. Cuideoidh na Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla le húninéirí tí tuiscint a fháil ar a roghanna chun infheistíochtaí éifeachtacha a chinntiú agus oibriú le conraitheoirí áitiúla ar sheirbhísí athchóirithe tí comhtháite.

Déanfaidh foireann tionscadail BUSI2030 Ardán Scileanna BUILD UP na hÉireann a thabhairt cothrom le dáta CHUN oiliúint níos fearr a chur ar oibrithe tógála. Léiríonn sé seo athruithe beartais agus eamála ó 2013 lena n-áirítear digitíú, geilleagar ciorclach agus spriocanna athrú aeráide. Tugann an tionscadal saineolas le chéile chun riachtanais oideachais agus oiliúna a shainiú anois agus amach anseo. Príomhfhócas an ardáin agus é athbheoite is ea maoiniú agus infheistíocht chun na scileanna a theastaíonn ón earnáil tógála chun tithe athchóirithe agus tithe nua-thógtha atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a sholáthar.

Glacann Éire páirt freisin i 9 dtionscadal CET eile, mar seo a leanas: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i dtionscadal OdysseeMure fit-4 -55 agus CAEPBD6; Ghníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach Chill Chainnigh i dtionscadal REGIO1ST; Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Midlands Midwest and Tipperary Energy Agency Limited sa tionscadal IN-LAN; Cuideachta Chomharchumainn Energy Communities Tipperary sna tionscadail OSR-Cop; Tipperary Energy Agency Limited i dtionscadail OwnYourSECAP; Waide Strategic Efficiency Europe sa tionscadal easySRI; BRAINBOX AI sa tionscadal Smart Square; agus Terra Geoserv sa tionscadal GEOBOOST. Is ionann sin agus buiséad iomlán €1.9 milliún d'Éirinn a dtugann an tAontas 95% de.



## Dúlra agus Bithéagsúlacht LIFE

Cuimsíonn an snáithe Dúlra agus Bithéagsúlacht tacaíocht do thionscadail gníomhaíochta chaighdeánacha chun dea-chleachtas a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn maidir leis an dúlra agus an bithéagsúlacht, chomh maith le “Tionscadail Straitéiseacha Dúlra” (SNAP). Tacaíonn na tionscadail nua seo le cuspóirí an Aontais maidir le dúlra agus bithéagsúlacht a bhaint amach trí chláir chomhleanúnacha gníomhaíochta a chur i bhfeidhm sna Ballstáit chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin a phríomhshruthú i mbeartais agus in ionstraimí maoinithe eile, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm comhordaithe na gcreataí gníomhaíochta tosaíochta ar glacadh leo de bhun Threoir 92/43/CEE.

Go dtí seo, tá cómhaoiniú déanta ag an gcomhpháirt Dúlra agus Bithéagsúlacht LIFE ar 24 tionscadal in Éirinn. Is ionann iad sin agus infheistíocht iomlán €95 milliún, a bhfuil €58 milliún curtha leis ag an AE.

Dhírigh tionscadail a críochnaíodh go príomha ar chaomhnú, bhainistiú agus athchóiriú gnáthóg. Cuireadh béim ar leith ar bhrathphortaigh ghníomhacha, portaigh ardaithe, talamh feirme, cineálacha éagsúla coillearnaí, agus gnáthóga tosaíochta talún. Mar thoradh ar roinnt tionscadal, feabhsaíodh na coinníollacha do bhradán an Atlantaigh, an loimpre mhara, an loimpre shrutháin, préachán na gcearc, an meirliún agus an dobharchú Eorpach agus an diúilicín fionnuisce trína gcuid gnáthóg a nascadh nó a athchóiriú. Chuir tionscadal amháin go mór le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta in Éirinn trí mhodhanna éifeachtacha a fhorbairt agus a thaispeáint chun speicis phlandaí an-íonracha a chur faoi smacht, in éineacht le clár tiomantais na bpáirtithe leasmhara, rud as a leanfaidh forbairt agus scaipeadh beartais. D’fhorbair tionscadal eile samhail nua do bhainistiú inbhuanaithe talmhaíochta ar ghnáthóga tosaíochta na Boirne. Ar thairbhíthe an tionscadail áiríodh den chuid is mó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, IRD Dhúiche Ealla, páirceanna agus údaráis náisiúnta, agus eagraíocht iascaigh leathstáit.

Tá trí tionscadal leanúnacha in Éirinn. Féachann na tionscadail le: teicnící bainistíochta inbhuanaithe a léiriú le haghaidh feirmeoireachta agus foraoiseachta i ndobharcheantair na ndiúilicíní péarla fionnuisce; portaigh ardaithe i Lár Tíre na hÉireann a athchóiriú; stádas caomhantais an traonaigh in Éirinn a fheabhsú trí ghréasán na Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus an talamh feirme máguaird a fheabhsú; líonra córas machairí na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú; agus feabhas a chur ar athléimneacht éiceachórais agus laghdú a dhéanamh ar thruailliú cothaitheach i Loch Ceara.

Tá Tionscadal Dúlra Straitéiseach amháin ar siúl in Éirinn. Tá cur síos anseo thíos ar chuspóirí an tionscadail LIFE-IP PAF Wild Atlantic Nature.



### **Brathphortaigh na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú (LIFE-IP PAF Wild Atlantic Nature) LIFE18 IPE/IE/000002**

Mar gheall ar dhraenáil, móin a bhaint, tinte agus ró-innilt tá brathphortaigh i Réigiún Thuaisceart agus Iarthar na hÉireann i riocht neamhfhabhrach.

Déanfaidh LIFE-IP PAF Wild Atlantic Nature na brathphortaigh a chosaint agus a athchóiriú i 24 cheann de shuíomhanna [Natura 2000](#) na tíre. Bainfear crainn agus toir cúngaithe, cuirfear bac ar dhraenacha chun leibhéal uisce a ardú agus feabhsófar bearta bainistíochta dóiteáin. Méadóidh an tionscadal feasacht ar luach éiceolaíoch na mbrathphortach agus an tábhacht atá leo do mhaolú an athraithe aeráide. Ag an am céanna forbrófar braistint úinéireachta pobail ar thailte móna áitiúla. Cinnteoidh sé freisin tacaíocht úinéirí talún, úsáideoirí talún agus páirtithe leasmhara áitiúla eile do phleananna bainistíochta a thabharfaidh aghaidh ar na bagairtí iolracha atá roimh na suíomhanna seo.

[Achoimre ar an tionscadal](#)



## Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Beatha

Cabhróidh gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin snáithe Geilleagar Ciorclach agus cáilíocht na beatha le mórchuspóirí beartais an AE a bhaint amach amháin an t-aistriú go geilleagar ciorclach, chomh maith le cáilíocht an chomhshaoil agus na beatha a chosaint agus a fheabhsú. Faoin snáithe seo, cuirfidh Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha (SIP) straitéisí nó pleananna gníomhaíochta comhshaoil nó aeráide i bhfeidhm ar scála réigiúnach, il-réigiúnach, náisiúnta nó trasnáisiúnta, a forbraíodh ag údarais na mBallstát agus a éilítear ag sainbheartas nó sainreachtaíocht comhshaoil, aeráide nó ag beartas fuinnimh ábhartha an Aontais. Áiríteoidh na tionscadail sin freisin go mbeidh baint ag geallsealbhóirí leis agus go gcuirfidh siad chun cinn an comhordú le foinse eile chistiúcháin náisiúnta, phríobháideach nó de chuid an Aontais ar a laghad chun leas a bhaint aisti.

Tá an tsraith seo [Éifeachtúlacht Acmhainní agus Rialachas agus Faisnéis Chomhshaoil de chuid LIFE roimhe seo] tar éis cómhaoiniú a dhéanamh ar 44 tionscadal in Éirinn go dtí seo, arb ionann é agus infheistíocht iomlán €109 milliún, a bhfuil €41 milliún de sin curtha ar fáil ag an AE.

Dhírigh tionscadail chríochnaithe go mórmhór ar bhainistíocht chomhtháite an chomhshaoil, ar theicneolaíochtaí glana, ar bhainistíú limistéir íogair (ceantair chósta), ar dhramaí feithiclí a bhfuil a ré caite, ar dhearadh uirbeach, agus ar fheabhsú/monatóireacht ar cháilíocht uisce. Bhí sé mar aidhm ag tionscadal amháin comhtháthú na turasoíreachta agus na hoidhreachta nádúrtha a neartú, agus forbairt turasoíreachta a réiteach le caomhnú na bithéagsúlachta i réigiún na Boire. D'athraigh tionscadal eile spás tionsclaíoch ina spás foghlama comhoibríoch. Ba iad na húdarais áitiúla agus na FBManna na príomhthairbhíthe.

Tá dhá thionscadal leanúnacha in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal Whey2LIFE aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag táirgeadh cáise ar an gcomhshaoil tríd an phríomhchonstaic a chuireann srian le luachshocrú cuí na dtréscailteán meidhig atá ann faoi láthair a sháru. Féachann tionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath le feabhas a chur ar cháilíocht an uisce i gContae Bhaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin trí cur le luas agus trí laghdú costais na n-iniúchtaí mínaisc baile. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as cur chuige nua atá bunaithe ar GIS, agus trí 5 Bhogaigh Thógtha Chomhtháite a shuiteáil. Is é príomhspríoc LIFE EMERALD ná bainistíú cháilíocht an aeir in Éirinn a neartú, cur i bhfeidhm éifeachtach an dá Threoir chomhlántacha de chuid an AE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (AAQD) an AE a chinntiú agus cabhrú le cur i bhfeidhm an Mhargaidh Ghlais Eorpaigh. Léireoidh an tionscadal PLASTIC2WAXLIFE a maoiníodh le fiordhéanaí an próiseas athchursála ceimiceach nuálaíoch atá bunaithe ar phirealú chun plaisticí dramaíola a athrú ina chéir inbhuanaithe, rud a choscann líonadh talún agus loscadh.

Tá Tionscadal Comhtháite Straitéiseach amháin cómhaoinithe in Éirinn faoin snáithe seo. Déantar cur síos anseo thíos ar chuspóirí an tionscadail Waters of LIFE IP.



### **Cáilíocht agus nádúr an uisce in aibhneacha agus lochanna na hÉireann a athbhunú (LIFE-IP Waters of Life) LIFE18 IPE/IE/000003**

Leagtar amach i bplean bainistíochta abhantraí na hÉireann do 2018-2021 bearta chun stádas doibhreacha fionnuisce na tíre a chosaint agus a fheabhsú.

Feidhmeoidh LIFE-IP Waters of Life mar thionscadal taispeántais ar scála abhantraí, ag tástáil éifeachtacht bhearta 'deachleachtais' an phlean thar raon tírdhreacha. Spreagfaidh an tionscadal pobail áitiúla agus úinéirí talún le bheith páirteach i bhforbairt gníomhaíochtaí bainistíochta do thalamh feirme agus foraoise. Tógfaidh sé freisin sineirgí idir bearta a thugann aghaidh ar cháilíocht uisce agus bithéagsúlacht, agus feabhsóidh sé tuiscint an phobail ar dhobharlaigh ard-stádaí agus a ndobharcheantair.

[Achoimre ar an tionscadal](#)

## Ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi LIFE ?

- Tabhair cuairt ar [shuíomh Gréasáin LIFE](#) agus [ar bhunachar sonraí tionscadail LIFE](#)

- Lean an clár LIFE ar na meáin shóisialta:



- Cláraigh le [Clár LIFE](#) agus le Nuachtlitreacha [CINEA um Fhuinneamh Glan](#)
- Déan teagmháil le pointe teagmhála náisiúnta LIFE i do Bhallstát:

Ainm: Beatrix Aigner, Aonad Comhairleach Comhshaoil  
Gary Jones, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide  
An tUas. Philip Cheasty, Fiontar Éireann (Aistriú Fuinnimh Ghlain LIFE)

Address: Bóthar Newtown  
29-31 Bóthar Adelaide  
Ascaill Rossa  
IRL – Loch Garman  
IRL – Baile Átha Cliath 2  
IRL - Corcaigh  
Tel: +353 1 678 2084  
+353 87 2663234 (LIFE CET)

E-mail: [LIFE@dccae.gov.ie](mailto:LIFE@dccae.gov.ie)  
[Gary.Jones@decc.gov.ie](mailto:Gary.Jones@decc.gov.ie)

Website: [An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Fiontar Éireann](#)

- Déan teagmháil le d’Fhoireann Monatóireachta NEEMO

NEEMO EEIG – DAI  
Thamesfield House, Boundary Way  
UK - Hemel Hempstead HP2 7SR  
Teil: +44 1442 202400  
R-phost: [dai@neemo.eu](mailto:dai@neemo.eu)

<b>Tionscadail leanúnacha Dúlra &amp; Bithéagsúlachta LIFE</b>				
Teideal an Tionscadail	Uimhir an Tionscadail	Acraim an tionscadail agus nasc chuig an achoimre ar líne	Suíomh Gréasáin	Tréimhse an tionscadail
Stádas caomhantais an Traonaigh in Éirinn a fheabhsú trí ghréasán na Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus an talamh feirme máguaird a fheabhsú	LIFE18 NAT/IE/000090	<a href="#">Corncrake LIFE</a>	<a href="https://www.corncrakelife.ie/">https://www.corncrakelife.ie/</a>	01/2020 → 12/2024
Feabhas a chur ar athléimneacht an éiceachórais & laghdú ar thruailliú cothaitheach i Loch Ceara, loch atá ar cheann de na lochanna marla is fearr san Eoraip atá ina Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta	LIFE20 NAT/IE/000172	<a href="#">Loch Ceara</a>	N/A	09/2021 → 09/2026
Gréasán córas machairí na hÉireann agus na pobail pórúcháin agus na bpailineoirí a bhaineann leo a chosaint agus a athchóiriú	LIFE20 NAT/IE/000263	<a href="#">LIFE On Machair</a>	N/A	02/2022 → 01/2028
I dtreo an PAF d'Éirinn a chur i bhfeidhm trí Líonra Natura bratphortach na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú feadh chósta an Atlantaigh	LIFE18 IPE/IE/000002	<a href="#">LIFE IP PAF-WILD ATLANTIC NATURE</a>	<a href="https://www.wildatlanticnature.ie/">https://www.wildatlanticnature.ie/</a>	01/2020 → 12/2028

<b>Tionscadail leanúnacha LIFE maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Beatha</b>				
Teideal an Tionscadail	Uimhir an Tionscadail	Acraim an tionscadail agus nasc chuig an achoimre ar líne	Suíomh Gréasáin	Tréimhse an tionscadail
Éifeachtúlacht roghanna feabhsaithe uisce stoirme i gceantair uirbeacha a léiriú trí úsáid a bhaint as uirlisí cinnteoireachta cruthaithe	LIFE17 ENV/IE/000281	<a href="#">Dublin Urban Rivers LIFE</a>	<a href="https://www.sdcc.ie/en/services/environment/dublin-urban-rivers-life/">https://www.sdcc.ie/en/services/environment/dublin-urban-rivers-life/</a>	06/2018 → 06/2022
Méadú slabhra luacha tréscailteán meidhig trí shiombóis thionsclaíoch chun próitéin giosta luachmhar neamh-GMO a tháirgeadh	LIFE18 ENV/IE/0000084	<a href="#">Whey2LIFE</a>	<a href="http://www.whey2life.ie">http://www.whey2life.ie</a>	07/2019 → 06/2022
Próisis inscálaithe modúlach pírealaithe a thaispeáint chun beatha nua a thabhairt do phlastaicí dramhaíola agus táirgeadh áitiúil céire inbhuanaithe a chumasú ag an am céanna.	LIFE21-ENV-IE- PLASTIC2WAXLIFE/ 101074258	<a href="#">PLASTIC2WAXLIFE</a>	N/B	08/2022 → 07/2024
Emissions Modelling and FoRecasting of Air in IreLanD	LIFE19 GIE/IE/001101	<a href="#">LIFE EMERALD</a>	<a href="https://www.epa.ie/environment-and-you/air/life-emerald/">https://www.epa.ie/environment-and-you/air/life-emerald/</a>	01/2021 → 12/2023
Dobharlaigh ardstádas éiceolaíochta in Éirinn a chosaint agus a athchóiriú	LIFE18 IPE/IE/000003	<a href="#">LIFE-IP Waters of Life</a>	N/A	11/2019 → 12/2028

<b>Tionscadail Leanúnacha LIFE um Maolú agus Oiriúnú don Athrú Aeráide</b>				
Teideal an Tionscadail	Uimhir an Tionscadail	Acraim an tionscadail agus nasc chuig an achoimre ar líne	Suíomh Gréasáin	Tréimhse an tionscadail
LIFE Farm4More - Bainistíocht Talmhaíochta sa Todhchaí le haghaidh aschuir iolracha maidir leis an aeráid agus forbairt tuaithe	LIFE18 CCM/IE/001195	<a href="#">LIFE Farm4More</a>	<a href="http://www.farm4more.eu/">http://www.farm4more.eu/</a>	07/2019 -> 06/2023
LIFE IP Tailte Móna agus Daoine - Catalaíoch Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann	LIFE19 IPC/IE/000007	<a href="#">LIFE IP Tailte Móna agus Daoine</a>	<a href="https://peatlandsandpeople.ie/">https://peatlandsandpeople.ie/</a>	10/2020 -> 09/2027

<b>Tionscadail LIFE Aistriú Fuinnimh Ghlain atá ar siúl i gcónaí</b>				
Teideal an tionscadail	Uimhir an Tionscail	Acraim an tionscadail agus nasc leis an achoimre ar líne	Láithreán Gréasáin	Tréimhse an Tionscadail
Scileanna a Thógáil in Éirinn 2030	LIFE21-CET-BUILDSKILLS-BUSI2030/101075961	<a href="#">BUSI2030</a>	N/B	10/2022 -> 03/2024
Gníomhaireachtaí Áitiúla Fuinnimh do Réigiúin Fhorimeallacha	LIFE21-CET-HOMERENO-LEAP/101077163	<a href="#">LEAP</a>	N/B	11/2022 -> 04/2026
6ú Gníomhaíocht Chomhbheartaithe a thacaíonn le Ballstáit agus le tíortha rannpháirteacha chun an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh a chur i bhfeidhm	LIFE21-CET-CA-CAEPBD6/101102078	<a href="#">CAEPBD6</a>	N/B	11/2022 -> 10/2027
Odyssee - MURE - Faireachán a dhéanamh ar an gColún Éifeachtúlachta Fuinnimh maidir le Neodracht Aeráide	LIFE21-CET-POLICY-OdysseeMure fit-4-55/101075902	<a href="#">OdysseeMure fit-4-55</a>	N/B	10/2022 -> 03/2025
Pleanáil chomhtháite Fuinnimh, Aeráide agus Spásúil	LIFE21-CET-LOCAL-IN-PLAN/101076428	<a href="#">IN-PLAN</a>	N/B	10/2022 -> 03/2026
Bardais áitiúla agus réigiúnacha a thabhairt chun úinéireacht a bheith acu ar a gcuid SECAPanna	LIFE21-CET-LOCAL-OwnYourSECAP/101077109	<a href="#">OwnYourSECAP</a>	N/B	09/2022 -> 08/2025
Uirlisí Cliste d'Fhoirgnimh Cliste: Clisteacht na bhfoirgneamh san Eoraip a fheabhsú	LIFE21-CET-SMARTREADY-SMART SQUARE/101077241	<a href="#">SMART SQUARE</a>	N/B	10/2022 -> 09/2025
Acmhainn SRI a fheabhsú agus a léiriú	LIFE21-CET-SMARTREADY-easySRI/101077169	<a href="#">easySRI</a>	N/B	11/2022 -> 10/2025
Comharchumann Athchóirithe Ilfhreastail	LIFE21-CET-HOMERENO-OSR-Coop/101076669	<a href="#">OSR-Coop</a>	N/B	10/2022 -> 09/2025



An Chéad Phrionsabal Éifeachtúlachta Fuinnimh i bPleanáil Réigiúnach a chur i bhfeidhm	LIFE21-CET-LOCAL-REGIO1ST/101076 088	<a href="#">REGIO1ST</a>	N/B	11/2022 -> 10/2025
Caidéil teasa gheoiteirmeacha a chur chun cinn chun téamh agus fuarú in - athnuaithe atá éifeachtach ó thaobh costais agus éifeachtúil a phríomhshruthú i bhfoirgnimh	LIFE21-CET-POLICY-GEOBOOST/101077 613	<a href="#">GEOBOOST</a>	N/B	01/2023 -> 12/2025